Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Meán Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**12815/22**

**COH 89**
**FIN 967**
**COMPET 731**
**IND 359**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 26 Meán Fómhair 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12402/22 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 08/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: Tacaíocht CFRE d'iomaíochas FBManna: Laghdaíonn laigí dearaidh éifeachtacht an chistithe<br>– Conclúidí ón gComhairle (26.9.2022) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 08/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Tacaíocht CFRE d'iomaíochas FBManna: Laghdaíonn laigí dearaidh éifeachtacht an chistithe' a d'fhormheas an Chomhairle (Talmhaíocht agus Iascach) ag an 3895ú cruinniú a bhí aici an 26 Meán Fómhair 2022.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 08/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: Tacaíocht CFRE d’iomaíochas FBManna: Laghdaíonn laigí dearaidh éifeachtacht an chistithe**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

(1) IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 08/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (dá ngairtear ‘an Chúirt’ feasta) agus na freagraí ón gCoimisiún ar an Tuarascáil;

(2) TUGANN SÍ DÁ hAIRE go ndearnadh measúnú in iniúchadh na Cúirte ar cé acu ar rannchuidigh nó nár rannchuidigh an tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) le linn chlárthréimhse 2014-2020 faoi chuspóir téamach 3 ‘Iomaíochas na bhfiontar beag agus meánmhéide a fheabhsú’ go héifeachtach le hiomaíochas na FBManna lena dtacaítear a mhéadú. Sa chomhthéacs sin, rinne an Chúirt athbhreithniú ar na nithe seo a leanas:

- An chaoi ar tugadh aghaidh ar riachtanais FBManna le cláir CFRE, chomh maith leis na glaonna ar chláir agus na nósanna imeachta roghnúcháin;
- Cláir réigiúnacha agus náisiúnta CFRE sa Ghearmáin, san Iodáil, sa Pholainn agus sa Phortaingéil, sampla ina raibh 24 thionscadal ar fad;

(3) AITHNÍONN SÍ go bhfuil FBManna mar chrann taca ag geilleagar an Aontais agus go bhfuil sé d’aidhm ag beartas an Aontais a n-iomaíochas a mhéadú, agus CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil cistí an bheartais chomhtháthaithe, agus go háirithe CFRE, ar phríomhfhoinsí cistiúcháin an Aontais chun tacú le FBManna. Beidh an bhéim a leagfar ar fhás inbhuanaithe agus iomaíochas FBManna a fheabhsú i measc na bpríomhthosaíochtaí do chláir 2021-2027;

(4) TUGANN SÍ DÁ hAIRE príomhthorthaí na Tuarascála, go háirithe an méid seo a leanas:

- Sa chuid is mó de chláir CFRE faoi chuspóir téamach 3 a ndearnadh iniúchadh orthu, níor éirigh leis na glaonna ar thíolacadh tionscadal dul i ngleic i gcónaí leis na constaicí ábhartha go léir maidir le hiomaíochas a bhí roimh na FBManna is tairbhithe. I gcásanna eile, ina ionad sin, chómhaoinigh na glaonna infheistíochtaí táirgiúla sonracha nach raibh feabhsuithe follasacha ar staid iomaíochta FBManna mar thoradh orthu;
- Is trí ghlaonna nach raibh sách roghnaitheach a rinneadh cistiú na dtionscadal CFRE a ndearnadh iniúchóireacht orthu, den chuid is mó;
- Is i bhfoirm deontas seachas ionstraimí airgeadais a bhí maoiniú CFRE den chuid is mó, rud a chuir teorainn le líon na ngnólachtaí ar tugadh tacaíocht dóibh;

(5) TAGANN SÍ leis an tuairim ón gCoimisiún sna freagraí uaidh maidir leis na torthaí agus na moltaí atá sa Tuarascáil ón gCúirt, go háirithe an méid seo a leanas:

- Chun a áirithiú go rannchuidíonn na hoibríochtaí le cuspóirí sonracha agus torthaí na tosaíochta ábhartha a bhaint amach, is é an tÚdarás Bainistíochta atá freagrach sa deireadh as nósanna imeachta agus critéir roghnúcháin atá uaillmhianach agus iomchuí a dhréachtú lena n-úsáid chun oibríochtaí a roghnú;
- Faoi chuimsiú an chreata dhlíthiúil sin, féadfaidh an tÚdarás Bainistíochta rogha a dhéanamh idir glaonna iomaíocha agus glaonna neamhiomaíocha tar éis aird chuí a thabhairt ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le gach modh de réir mar is iomchuí, agus é mar aidhm aige tionchar dearfach chistiú an Aontais a uasmhéadú i ndáil le gach cás;
- Pléitear úsáid ionstraimí airgeadais leis na hÚdaráis Bhainistíochta ar leibhéal na gcuspóirí sonracha le linn chaibidlíocht na gclár;

(6) TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí ón gCúirt agus, dá bhrí sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i gcás inarb ábhartha, spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

– Príomheilimintí na tuarascála iniúchóireachta a chur san áireamh
– Na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le nósanna imeachta iomaíocha roghnúcháin agus le nósanna imeachta neamhiomaíocha roghnúcháin a mheas de réir an cháis;
– I gcás inarb ábhartha, úsáid cabhrach inaisíoctha ar mhaithe le hiomaíochas FMBanna a chur chun cinn agus tús áite a thabhairt do chineálacha eile tacaíochta amhail ionstraimí airgeadais agus tacaíocht nach tacaíocht airgeadais í, agus sainiúlachtaí réigiúnacha á gcur san áireamh ag an am céanna.